Féach air seo sa bhrabhsálaí

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education



Nuachtlitir Mhí Iúil 2026:

**Fáilte chuig an eagrán is déanaí de Nuachtlitir na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS)**

Tá sé mar aidhm ag ár nuachtlitir tú a choinneáil ar an eolas faoi na scéalta, na tionscadail agus na deiseanna foghlama gairmiúla is déanaí in CNOS. Más mian leat leanúint ar aghaidh ag fáil na nuachtlitreach seo, **cláraigh anseo**.

---

**Fógra ó Thuismitheoirí!**

Parents Notify

**Tacaigh le teaghlaigh atá ag lorg socrúcháin i rang speisialta nó i scoil speisialta do Mheán Fómhair 2027**

Ba chóir do thuismitheoirí agus caomhnóirí atá ag lorg **socrúcháin i rang speisialta nó i scoil speisialta do Mheán Fómhair 2027** an fhoirm **Fógra ó Thuismitheoirí** a chomhlánú faoin **1 Meán Fómhair 2026** agus tuairiscí tacaíochta a chur isteach faoin **15 Meán Fómhair 2026**.

Iarrann CNOS ar scoileanna agus ar ghairmithe cabhrú chun an scéal a scaipeadh ar theaghlaigh a bhféadfadh ait i rang speisialta nó i scoil speisialta a bheith á lorg acu don scoilbhliain 2027/28.

**Príomhtheachtaireachtaí le scaipeadh ar do phobal scoile:**

- **Déan iarratas go luath:** Is é an **1 Meán Fómhair 2026 an spriocdháta.**
- **Ná bí ag fanacht le haghaidh tuairiscí:** Ba chóir do thuismitheoirí an fhoirm fógra a chur isteach anois – is féidir na doiciméid tacaíochta a chur isteach faoin 15 Meán Fómhair.
- **Céim éigeantach:** Teastaíonn Litir Incháilitheachta CNOS sular féidir le scoil socrúchán speisialaithe a thairiscint go foirmiúil.

Nuair a gheofar an fhoirm agus an t-eolas tacaíochta, déanfaidh an **ERSO** áitiúil athbhreithniú ar an eolas ar fad agus soláthróidh sé/sí treoir ansin.

**Tuilleadh eolais:**
https://www.ncse.ie/ga/tuismitheoiri-caomhnoiri/na-proisis-iarratais-reatha/cur-in-iul-o-thuismitheoiri/

# An bhfuil Socrúchán i Rang Speisialta nó i Scoil Speisialta á lorg agat do Mheán Fómhair 2027?

Parents Notify

Tá **Fógra ó Thuismitheoirí** ar fáil do thuismitheoirí agus caomhnóirí atá ag lorg socrúchán nua i Rang Speisialta nó i Scoil Speisialta dá leanbh.



## Cad atá le déanamh agam?

- ✓ Comhlánaigh an fhoirm Fógra ó Thuismitheoirí faoin **1 Meán Fómhair 2026**
- ✓ Déan tuairiscí tacaíochta a chur isteach faoin **15 Meán Fómhair 2026**

Eolas a bheidh ag teastáil:

- Uimhir PSP an Linbh
- Dáta Breithe
- Seoladh Baile agus Éirchód
- Tuairisc ghairmiúil/tuairiscí gairmiúla ábhartha



## Cad a tharlóidh ansin?

Déanfaidh do ERSO áitiúil:

- Athbhreithniú ar an eolas a chuireann tú ar fáil
- Tacaíocht a thabhairt duit dul tríd an bpróiseas
- Na critéir cháilitheachta a phlé leat
- Eolas a chur ar fáil faoi roghanna socrúcháin áitiúla
- An toradh a sheoladh chugat



## Cuimhnigh

**Ní iarratas scoile é Fógra ó Thuismitheoirí.**

Caithfear iarratas a dhéanamh go díreach chuig scoileanna chun clárú leo.
Teastaíonn Litir Incháilitheachta chun tacaíocht a thabhairt do d'iarratas.
Chun tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar **NCSE.ie**



An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

Feidhmíonn Fógra ó Thuismitheoirí de réir riachtanais na Roinne Oideachais agus Óige maidir le socrúcháin i Ranganna Speisialta agus Scoileanna Speisialta. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar **NCSE.ie.**

**Ag teacht go luath:**

**NCSE Moodle d'Fhoghlaim Ghairmiúil do Mhúinteoirí!**

Córas nua bainistíochta foghlama CNOS, atá deartha chun é a dhéanamh níos éasca do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile eispéiris foghlama gairmiúla CNOS a rochtain, a úsáid agus a bhainistiú.

Ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla ach cliceáil ar chnaipe.

**An bhfuil tú fiosrach faoina bhfuil ar fáil?**

- A luaithe a thagann NCSE Moodle d'Fhoghlaim Ghairmiúil do Mhúinteoirí (FGM) i bhfeidhm, is féidir le duine ar bith póirseáil a dhéanamh ar ár raon eispéireas foghlama gairmiúla tríd an ngné 'Féach an Chatalóg' gan aon chuntas a bheith acu.

- Ní mór cuntas a bheith ag múinteoirí agus ceannairí scoile, áfach, más mian leo clárú i gceann dár n-eispéiris foghlama gairmiúla.

- Ó lár mhí Lúnasa, tabharfar cuireadh do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile cuntas Moodle NCSE a chruthú do FGM agus clárú i gceann dár n-iliomad eispéireas foghlama gairmiúla.

Bí ag faire amach le haghaidh tuilleadh sonraí agus aimsigh Cosáin i dTreo Fás Gairmiúil trí NCSE Moodle.

**Táimid ag súil go mór le fáilte a chur romhat go luath!**




---

📢 **<u>Tacaíochtaí spreagúla ar fáil anois do ranganna nua Uathachais</u>** 📢

➡Tá réimse deiseanna á dtairiscint ag an bhFoireann um Chuimsiú Uathachais do mhúinteoirí nuacheaptha chun páirt a ghlacadh in oiliúint CNOS - Buneolas ar an Uathachas - i mí Lúnasa agus i rith Théarma 1 den scoilbhliain 2026/27.

Tá clárúchán do chúrsaí samhraidh agus don traenáil i mí Lúnasa ar oscailt anois.
Cuirfear oiliúint ar fáil i bhformáid sholúbtha, le seisiúin fhíorúla ar fáil i rith Shamhradh 2026 agus cur chuige foghlama cumaisc i dTéarma 1 – ag tacú le múinteoirí ag céimeanna éagsúla dá dturas.

- Féach naisc do mhúinteoirí ranganna Uathachais sa bhunscoil Ranganna Nua Uathachais sa Bhunscoil- Foghlaim Ghairmiúil do Mhúinteoirí le CNOS - Flipsnack

- Múinteoirí ranga Uathachais san Iar-bhunscoil Ranganna Nua Uathachais Iar-bhunscoile - Foghlaim Ghairmiúil do Mhúinteoirí Iar-bhunscoile le CNOS - Flipsnack

Moltar do cheannairí scoile an t-eolas seo a chomhroinnt le múinteoirí nuacheaptha i ranganna Uathachais.

## FOGHLAIM GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ (FGM)

Is féidir le múinteoir ar bith iarratas a dhéanamh trí shuíomh gréasáin CNOS ar réimse seimineár, na cinn seo a leanas ina measc:

### ✱ RANNPHÁIRTÍOCHT, TEANGA AGUS CUMARSÁID

- Ag Tacú le hIdirghníomhaíocht agus le Cumarsáid i measc Daltaí Néara-éagsúla
- An tSamhail SCERTS (Cumarsáid Sóisialta, Rialú Mothúchán, Tacaíochtaí Idirbheartaíochta)
- Attention Autism
- Lámh
- Buneolas ar DIR®Floortime™
- Intensive Interaction

### ✱ MEASÚNÚ AGUS PLEANÁIL

- Acmhainneacht a Dhíghlasáil – Cur Chuige Measúnaithe Néar-Dhearfach chun Tacú le Foghlaimeoirí Uathacha
- An tSamhail SCERTS (Cumarsáid Sóisialta, Rialú Mothúchán, Tacaíochtaí Idirbheartaíochta)

### ✱ MODHEOLAÍOCHT STRUCHTÚRTHA AMHARCMHÚINTEOIREACHTA

- Modheolaíochtaí Struchtúrtha Amharcmhúinteoireachta
- Cúrsa 5 Lá - Thrive

### ✱ DIFRÍOCHTAÍ SÓISIALTA A THUISCINT

- Insintí Sóisialta
- Difríochtaí Sóisialta a Thuiscint- Cur Chuige Néaraidhearfach.

### ✱ RIALÚ

- An Múnla Tacaíochta Relate
- Léirithe ar Rialú Mothúchánach agus Tacaíochtaí Folláine
- Dearcadh Céadfach ar Fhoghlaim agus Rannpháirtíocht.

## RÓL AN CHOMHAIRLEORA

Is é ról chomhairleoir CNOS ná cumas múinteoirí a fhorbairt i réimsí an teagaisc, na foghlama, na pleanála agus an mheasúnaithe trí dhea-chleachtas agus trí leas a bhaint as Treoir don Dea-Chleachtais maidir leis an Uathachas agus Relate, múnla tacaíochta de chuid CNOS. Cuireann comhairleoir Foghlaim Ghairmiúil do Mhúinteoirí (FGM) ar fáil trí Chosáin i dTreo Fás Gairmiúil ar NCSE Moodle.

## TACAÍOCHT INBHUANAITHE DO MHÚINTEOIRÍ I RANGANNA NUA UATHACHAIS

Tabharfar cuireadh do gach múinteoir i scoileanna atá ag bunú a gcéad rang uathachais teacht chuig Tacaíocht Inbhuanaithe ar feadh thréimhse 2 bhliain. Cuimsítear san FGM shaincheaptha seo lá dúnta scoile le haghaidh Buneolas ar an Uathachas agus nascann sí an scoil le Comhairleoir Uathachais de chuid CNOS.

### TACAÍOCHTAÍ BREISE

Cuireann CNOS raon tacaíochtaí ar fáil do phobail scoile atá ag oscailt ranganna speisialta do dhaltaí a bhfuil uathachas orthu. Is féidir teacht ar na tacaíochtaí CNOS a leagtar béim orthu sa bhileog seo, mar aon le leabhráin agus foirmeacha iarratais, ar shuíomh gréasáin CNOS nó trí Padlet CNOS tríd an gcód QR seo.

**Treoirlínte Athbhreithnithe CNOS do Scoileanna maidir le CRS**

Tá **Treoirlínte Athbhreithnithe CNOS do Scoileanna maidir le Leithdháileadh CRS** foilsithe agus leagtar amach iontu mar a oibreoidh Athbhreithnithe Leithdháilte CRS le linn na scoilbhliana 2026/27.

Is féidir le scoileanna teacht ar na treoirlínte ar shuíomh gréasáin CNOS anseo: **Athbhreithniú CRS - CNOS**

Tá sé mar aidhm ag an treoir tacú le scoileanna an próiseas athbhreithnithe, lena n-áirítear riachtanais fianaise, cinntí leithdháilte, cur in iúl na dtorthaí agus an próiseas achomhairc a thuiscint.

Tugtar míniú sa doiciméid chomh maith ar ról na gCúntóirí Riachtanas Speisialta laistigh de chur chuige scoile uile.

Leagtar béim ann gur cheart tacaíocht CRS a bheith bunaithe ar riachtanais chúraim mheasúnaithe na ndaltaí, agus ag an am céanna tacú le rannpháirtíocht, folláine agus neamhspleáchas.

I measc na dtreoirlínte, tá eolas faoi na rudaí seo a leanas:

- Céimeanna an phróisis Athbhreithnithe ar Leithdháileadh CRS
- Riachtanais fianaise do scoileanna
- Torthaí féideartha an athbhreithnithe
- Róil na scoileanna, na dtuismitheoirí agus na ndaltaí
- Mar a chuirfear cinntí in iúl
- An próiseas achomhairc

Moltar do scoileanna an treoir a léamh agus dul i ngleic leis an bpróiseas athbhreithnithe de réir an eolais a chuirtear ar fáil.



📢 **Seisiúin NCSE Relate – Dátaí Nua ar fáil i mí Lúnasa!**

Tá seisiúin bhreise NCSE Relate ar fáil anois i mí Lúnasa seo mar gheall ar an éileamh mór a bhí orthu 😍

Leagann na seisiúin ghearra ar líne seo béim ar rath Relate ó thaobh tacaíocht a thabhairt do scoileanna agus feabhas a chur ar rannpháirtíocht agus ar fholláine na ndaltaí trí chur chuige trámathreoraithe a thugann tús áite do rialúchán.

➞ I measc na n-ábhar, tá áiseanna strusaire agus cleachtais choibhneasta. Tá dátaí agus amanna iomadúla ar fáil, le naisc áirithinte ar fáil trí Linktree ar ár leathanach Instagram.

FOGHLAIM GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ
CLÁR NA ROGHANNA DO SHEISIÚIN CNOS I MÍ LÚNASA



Mar gheall ar éileamh an phobail, chuireamar dátaí breise ar fáil.

Cláraigh i gceann díobh seo a leanas:

26 Lúnasa 11:30am

27 Lúnasa 11:30am

Relate: Oideachas Trámathreoraithe

Fiosróidh an seisiún gairid seo feasacht ar thráma san oideachas agus leagfaidh sé béim ar chuir chuige choibhneasta i Relate a d'fhéadfadh tacú le cleachtas scoile.

Cláraigh i gceann amháin díobh seo a leanas:

28 Lúnasa 11:30am

31 Lúnasa 11:30am



www.ncse.ie

FOGHLAIM GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ
CLÁR NA ROGHANNA DO SHEISIÚIN CNOS I MÍ LÚNASA



## Buneolas ar NCSE Relate

Tá an seisiún seo deartha chun forbhreathnú a thabhairt do rannpháirtithe ar fhoilseachán NCSE Relate. Is cur chuige rialúcháin ar dtús é Relate chun tacú le rannpháirteachas agus rannpháirtíocht na ndaltaí agus cuireann an seisiún seo buneolas ar fáil ar na prionsabail, ar na heilimintí agus ar an bhfoireann uirlisí a bhaineann le hábhar.

28 Lúnasa
9:30am

31 Lúnasa
9:30am

## Mar gheall ar éileamh an phobail, chuireamar dátaí breise ar fáil.

Cláraigh i gceann díobh seo a leanas:

26 Lúnasa
9:30am

27 Lúnasa
9:30am





## Relate: Strusairí a Aithint agus a Laghdú

Déanfaidh an seisiún gairid seo iniúchadh ar leas a bhaint as uirlis na Strusairí ó Relate chun strusairí a aithint agus a laghdú. Déantar strusóirí a iniúchadh trí na sé réimse ó Relate le smaointe praiticiúla chun tacú le strusóirí a laghdú nuair is féidir.

Cláraigh i gceann díobh seo a leanas:

28 Lúnasa 1:30pm

31 Lúnasa 1:30pm

## Mar gheall ar éileamh an phobail, chuireamar dátaí breise ar fáil.

Cláraigh i gceann díobh seo a leanas:

26 Lúnasa 1:30pm

27 Lúnasa 1:30pm






**Scoil Chnoc Ghuaire – Gradam Scoil Tearmainn** 📣

Bhí sé de phléisiúr ag foireann CNOS le déanaí cuairt a thabhairt ar Scoil Chnoc Ghuaire chun freastal ar a Lá Ceiliúrtha *Scoileanna Tearmainn*. Is í Scoil Chnoc Guaire an chéad scoil speisialta in Éirinn a tháinig chun bheith ina ball de líonra Scoileanna Tearmainn agus a fuair an gradam seo.

Is scoil speisialta í Scoil Chnoc Ghuaire i gCo. Loch Garman do scoláirí idir 4 agus 18 mbliana d'aois, a bhfuil diagnóis uathachais agus/nó riachtanais chasta foghlama acu, a bunaíodh faoi phátrúnacht Bhord Oiliúna Oideachais Phort Láirge agus Loch Garman.

Tugann gradam na Scoileanna Tearmainn aitheantas do thiomantas Scoil Chnoc Ghuaire glacadh le héagsúlacht, í a cheiliúradh, agus meas a léiriú uirthi ina scoil agus ina bpobal áitiúil. Mar a chuir Aileen Roche (Leas-Phríomhoide) síos air, 'is áit í Scoil Tearmainn ina bhfuil fáilte, cineáltas agus cuimsiú mar chuid den ghnáthshaol '.

Comhghairdeas le Scoil Chnoc Ghuaire ar an éacht iontach seo 🙌

Tá tuilleadh eolais maidir le clár Scoileanna Tearmainn ar fáil anseo: Scoileanna Tearmainn – Éire

**Ná caill amach ar scéalta, ar imeachtaí agus ar dheiseanna foghlama gairmiúla CNOS amach anseo**

**Bí ar ár Liosta Seoltaí**

**An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**
1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Co. na Mí C15 P2KC